Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/667

14.3.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 347/2021**

**an 10 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin Theicniúla, Caighdeáin, Tástáil agus Deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/667]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir Tarmligthe (AE) 2021/1206 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh muirí a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán is infheidhme maidir le saotharlanna a úsáideann comhlachtaí um measúnú comhréireachta le haghaidh trealamh muirí ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 2 (Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XXXII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘, arna leasú le:

— **32021 L 1206**: Treoir Tarmligthe (AE) 2021/1206 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2021 (IO L 261, 22.7.2021, lch. 45).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir Tarmligthe (AE) 2021/1206 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Rolf Einar FIFE

([1]) IO L 261, 22.7.2021, lch. 45.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.